

NUACHTLITIR EALAÍN NA GAELTACHTA



EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
FORBAIRT NA NEALAÍON DÚCHASACHA AGUS COMHAIMSEARHA

Fáilte chuig Nuachtlitir míosúil Ealaín na Gaeltachta



**Go leor ar siúl an
mhí seo.....**

- Nuacht
- Imeachtaí
- Scéimeanna a fhógairt
- Deiseanna

Scéimeanna

1. Cothú 2019

Scéim d'eagraíochtaí ealaíne sa Ghaeltacht atá ag soláthar clár leanúnach ealaíona sa Ghaeltacht
Spríodhata 13 Bealtaine 2019

2. Scéim Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht 2019

Scéim í seo atá ag freagairt de Phlean Staitéiseach Ealaín (na Gaeltachta) Teo. 2018 -2022 agus ar na tosaíochtaí seo go sonrach:

Spríodhata leanúnach

Cónaitheacht –

Centre Culturel Irlandais

Tá toradh a gcuid cónaitheachtaí d'Ealaíontóirí fógartha ag Ionad Culturel Irlandais anois. Is é Breannán Ó Beaglaíoch -ceoltóir agus amhránaí ó Ciarraí, a bheas ag tabhairt faoi tréimhse cónaitheach i bParás.

Tá deiseanna iontacha anseo d'ealaíontóirí i ngach disciplín leas a bhaint as acmhainní an CCI, agus is shlí éifeachtach é chomh maith chun cultúr comhaimseartha dinimiciúil na hÉireann a thaispeáint ar stáitse idirnáisiúnta.



Nuacht/Imeachtaí



Seoladh 'Ag Marú Maicréal' le Catherine Foley

Leabhar nua filíochta foilsithe ag Coiscéim.

Seolfaidh Rachel Ní Riada ó Chúil Aodha leabhar nua filíochta, *Ag Marú Maicréal* leis an scríbhneoir Catherine Foley, i dtigh tábhairne, *The Local* i nDún Garbhán sna Déise in iarthar Cho Phort Láirge ar an Déardaoin, 7 a chlog, 30 Bealtaine 2019. Foilsithe ag Coiscéim, tá 33 dán in éineacht le 14 líníocht leis an údar sa leabhar.

Dar le léirmheastóir amháin agus í ag caint faoi na dánta seo: “téitear i ngleic le réimse téamaí i saol an fhile féin ach a bhfuil impleachtaí ann don léitheoir i gcoitinne lasmuigh de sin...tá scil ag an bhfile saibhreas a bhaint as an gnáthrud a bhíonn ar siúl ag an duine.”

Deir léirmheastóir eile go “léiríonn an cnuasach seo an-mhianach ar fad...tá an file an-chompordach ag cruthú vignettes ón am atá caite ar bhealach éifeachtach allabhrach”.

Is scríbhneoir, craoltóir agus iriseoir lán-aimseartha í Catherine Foley. Is iarr-bhall foirne de chuid an Irish Times í. Is láithreoir agus léiritheoir teilifíse í agus is léachtóir páirtaimseartha san iriseoireacht le Roinn na Nua-Ghaeilge in Ollscoil Chorcaí í chomh maith. Seo é seo a chéad leabhar filíochta.

Chun a thuilleadh eolais a fháil: téigh i dteagmháil le Catherine ag catherinefol@gmail.com nó glaoigh uirthi ag 058 46155 nó ag 086 8590419.

Ár mbuíochas le Máire Phetir Uí Dhroighneáin

Bhí ócáid Cheiliúradh Tigh Chualáin i gCoill Rua ar an dara lá déag do mhí Aibreán áit ar tugadh aitheantas don spreagadh agus sampla iontach atá tugtha ag Máire Phetir Uí Dhroighneáin d’fhonnadóirí óga i gceantar Chois Fharraige leis na blianta fada anuas. Bhí na hamhráin sa dúchas ag Máire mar bhíodh a máthair, Máire Nic Con Ríogh as an nGleann Mór ar an gCeathrú Rua, seasta ag gabháil fhoinn agus í i mbun a cúraim timpeall an tí.

Aisteoir díograiseach í Máire chomh maith a chaith blianta le Cumann Drámaíochta ina ceantar dúchais i gCois Fharraige. Ba í Máire a bhí i bpáirt Phil sa dráma cáiliúil ar RTE Raidió na Gaeltachta Baile an Droichid agus tá páirt Mháire sa B&B aici sa sobalchlár Ros na Rún ar TG4 ó 1996.


Tá ardcháil agus an-mheas go deo ar Mháire mar amhránaí agus mar mhúinteoir amhránaíochta. Tá cuid mhaith de thríocha bliain caite aici i mbun ranganna do dhaoine óga san amhránaíocht ar an sean-nós ó thosaigh An Gaelacadamh agus Ealaín na Gaeltachta ag cur ranganna ar bun. D’éirigh sí as na ranganna cúpla seachtain ó shin.

“Bean uasal a bhíonn séimh, foighdeach agus tuisceanach i gcónaí,”

Gabhann muid ar mbuíochas le Máire Pheitir as na healaíon dúchasacha a choinneáil beo beitheach sa cheantar.



Nuacht/Imeachtaí



Crann na Teanga

Féile Litríochta: Beidh an oscailt oifigiúil ann 3-5 Bealtaine le himeachtaí eile le linn mí Bealtaine. Ceiliúradh a bheas ann ar leabhair liteartha Gaeilge an 20ú Aois a foilsíodh i gCloich Cheann Fhaola.

Léachtaí, Taispeántais, Siúlóid, Turais agus go leor eile.

www.angailearai.com

Féile Joe Éinniú

3-6 Bealtaine 2019 Carna, Conamara, Co. na Gaillimhe

Beidh Féile Joe Éinniú ar siúl ón Aoine 3 Bealtaine go dtí an Luan 6 Bealtaine i gCarna, Conamara. Rugadh Joe sa mbliain 1919, agus is ceiliúradh 100 bliain a bheas ann i mbliana!

Féile na Bealtaine

2-6 Bealtaine, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí
Clár spleodrach, éagsúil, draíochtúil idir ceol, litríocht, drámaíocht, físealaín, imeachtaí do pháistí, mórshiúl agus a thuilleadh nach iad.
www.feilenabealtaine.ie



An Ionad Cultúrtha, Baile Mhúirne

4 Bealtaine, 7.30in san Ionad Cultúrtha i mBaile Mhúirne.

Bláthú' - Ócáid Rince le Rannpháirtithe Óga Aisling Gheal, Scannánaíocht, rince aonarach le Siobhán Ní Dhuinnín (Rinceoir Cónaitheach Mhúscraí).

<http://www.ionadculturtha.ie/>



An Gailearaí - Gaoth Dobhair

3 Bealtaine 2019 - Oscailt oifigiúla ar thaispeántas féile 'Crann na Teanga'. Ceiliúradh ar leabhair liteartha Gaeilge an 20ú Aois a foilsíodh i gCloich Cheann Fhaola.

Chomha maith le sin tá suíomh úr forbartha ag An Gailearaí...
www.angailearai.ie

Áras Inis Ghluaire, Béal an Mhuirthead

Gach eolas faoi imeachtaí Áras Inis Ghluaire le fáil anseo:
www.arasinisgluaire.ie

Deiseanna

Scéimeanna Ealaín na Gaeltachta

1. Cothú 2019

Scéim d'eagraíochtaí ealaíne sa Ghaeltacht atá ag soláthar clár leanúnach ealaíona sa Ghaeltacht

Mar chuid lárnach de Straitéis Ealaín na Gaeltachta 2018-2022, tá Ealaín (na Gaeltachta) Teo. tiomanta breis infheistíochta a dhaingniú in infreastruchtúr agus eagraíochtaí ealaíne reatha sa Ghaeltacht. Chuige sin, tá muid ag glacadh le hiarratais ó eagraíochtaí ealaíne Gaeltachta atá ag soláthar clár leanúnach ealaíona sa Ghaeltacht.

Spríodhata 13 Bealtaine 2019

2. Scéim Forbartha na nEalaíon sa Ghaeltacht 2019

Scéim í seo atá ag freagairt de Phlean Staitéiseach Ealaín (na Gaeltachta) Teo. 2018 -2022 agus ar na tosaíochtaí seo go sonrach:

- Cuidiú le pobal na Gaeltachta dul i mbun na n-ealaíon.
- Tacaíochtaí d'ealaíontóirí Gaeltachta a mhéadú.
- Tacú leis an bhforbairt ar cheannasóirí agus ar chumasóirí chultúrtha.

Níl aon spríodhata leis an scéim seo ach tá sé riachtanach teagmháil a dhéanamh leis an Áisitheoir Ealaíon Réigiúnach leis an togra a phlé sul a ndéantar iarratas.

Sonraí uilig le fáil óna hÁisitheoirí Ealaíona - ealain@udaras.ie

An Chomhairle Ealaíon

Scéim Infheistíochta na bhFéilte **9 Beal**

Reel Art **9 Beal**

Sparánacht An Chéad Ghlúin Eile d'Ealaíontóirí **16 Beal**

Scéim Spás Oibre na bhFísealaíontóirí **9 Meith**

Dámhachtain Sparánachta **13 Meith**

Dámhachtain do Thionscadail sna nealaíon traidisiúnta **13-Lún**


Coinnigh do shúil amach do Scéimeanna Maoinaithe an Chomhairle Ealaíona ag an nasc thíos.

www.artscouncil.ie

Scéim Dheontais Ealaíne de chuid Comhairle Chontae Dhún na nGall 2019

Cuireann Comhairle Contae Dhún na nGall fáilte roimh iarratais ó ealaíontóirí, grúpaí ealaíne, grúpaí pobail, scoileanna, coistí a eagraíonn féilte nó imeachtaí ar leith ealaíne. Cuirfear tacaíocht teoranta ar fáil i dtaobh cleachtadh agus cothú na foirmeacha ealaíne seo a leanas - Drámaíocht, Fís Ealaíon, Ceol (gach uile cineál), Rince, Ealaín Traidisiúnta, Litríocht, Scannánaíocht, Na Meáin Digiteacha, Pobail, Ealaín, Ealaín don t-aos óg, Ealaín san Oideachais.

Spríodhata: 4.30i.n, ar An Aoine, 10ú Bealtaine, 2019.



Deiseanna

Éigse Éireann

Coinnigh do shúil amach do deiseanna do scríbhneoirí ag an nasc thíos.
www.poetryireland.ie/writers/opportunities/

Tréimhse cónaitheach i Siamsa Tíre,

Tréimhse cónaitheach d'ealaíontóir i Siamsa Tíre, Trá Lí, Co. Chiarraí. Téama: Ceist Céimneach: Athrú Aeráide i bPobail Chladaigh. Tréimhse: 1 Iúil – 20 Meán Fomhair 2019.
Spríodhata: 24 Bealtaine 2019.

Glaoch Áras Inis Gluaire Clár Taispeántais 2020/21

Glacfar le hiarratais suas go **Deireadh Fómhair 2019**. Cuirtear fáilte roimh chuile réimse ealaíona. Cuirtear fáilte chomh maith roimh tograí aonarach nó ó ghrúpa agus tabharfar 3 lá leis an taispeántas a chrochadh.
 Breis eolais .09781079 www.arasinisgluaire.ie

Fóram dóibh siúd a chuireann ábhar Litríochta ar fáil.

Déardaoin, 23 Bealtaine – 11-5i.n

Smock Alley Theatre

....An ndéanann tú imeachtaí nó tograí litríochta a reáchtáil, a chur ar fáil nó a chur i láthair? An bhfuil fonn ort tuilleadh a dhéanamh nó a chlárú? Má tá, goitse chuig an Fhóram seo. Deis ar dóigh do tháirgeoirí cruthaitheacha, d'fhoireann Féilte, d'fhoilsitheoirí, do leabharlannaithe, do chuideachtaí léiriúcháin, d'eagraíochtaí acmhainní... agus go cinnte do scríbhneoirí!!

Áras Scríbhneoirí na hÉirinn - Maoiniú tograí faoi stiúradh scríbhneoirí 2019.

Spríodhata 16 Bealtaine

Deis do scríbhneoirí forbairt a dhéanamh ar phleananna, ar thograí, ar chomh-oibriú agus ar thacaíochtaí liteartha i nGaeilge - €2,000

I-Portunus

Spríodhata 16 Bealtaine

Deis d'ealaíontóirí tabhairt faoi taisteal/togra/oiliúint idirnáisiúnta. Maoinithe ag Creative Europe.

Aistriú - Coimisiún - Gaillimh 2020

Spríodhata 30 Meitheamh 2019

Deis d'ealaíontóirí le Gaeilge ó aon seanra freagra cruthaitheach a dhéanamh ar téacsanna litríochta Gaeilge - stairiúla & comhaimseartha - a bhaineann leis an imirce.

Folúntas: Léiritheoir Chruthaitheach

Tá Ealaín na Gaeltachta Teo ag lorg Léiritheoir Chruthaitheach do thogra Idirnáisiúnta ealaíne 'Óró.', a fhorbairt do Ghaillimh 2020. Beidh an té a cheapfar ag obair d'Ealaín na Gaeltachta ar chonradh sainchuspóire, páirt-aimseartha agus ag comhoibriú le roinnt comhpháirtithe idirnáisiúnta. Beidh an té a cheapfar in ann léiriú go bhfuil tograí samhlaíoch, uaillmhianach ealaíne cruthaithe aige/aici, cumas comhoibrithe den scoth, cumas buiséid a bhainistiú go slachtmhar agus cumas teacht ar fhoinsí breise maoinithe.

Is é 4.00 i.n Dé hAoine, 17 Bealtaine, 2019 an spríodhata.



Eolas Fúinn




Micheál Ó Fearraigh
Feidhmeannach Forbartha Ealaíne
r/p: m.fearraigh@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Muireann Ní Dhroighneáin
Áisitheoir Ealaíona Connacht & Co. na Mí
r/p: m.nidhroighneain@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100



Rachel Holstead
Áisitheoir Ealaíona Mumhan
r/p: r.holstead@udaras.ie
t: +353 (0)66-9150100



Danielle Nic Pháidín
Áisitheoir Ealaíona Thír Chonaill
r/p: d.nicphaidin@udaras.ie
t: +353 (0)74 95 60100



Elaine Schail
Comhordaitheoir sna hEalaíona Dúchasacha don Óige
r/p: e.scahill@udaras.ie
t: +353 (0)91 503 100

